Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7275/22**

**SOC 164**
**EMPL 105**
**FIN 338**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Márta 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6575/1/22 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí i ndáil leis an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an dífhostaíocht fhadtéarmach (14 Márta 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an dífhostaíocht fhadtéarmach, a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici ar an 14 Márta 2022.

**Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tuarascáil Speisialta Uimh. 25/21 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le tacaíocht CSE chun dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

1. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an Tuarascáil Speisialta maidir le tacaíocht CSE chun dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac, a thíolaic Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE).

2. **MEABHRAÍTEAR DI** go bhfuil beagnach 2.7 % de lucht saothair an Aontais[1] fós dífhostaithe ar feadh tréimhse is faide ná 12 mhí, arb ionann í agus aon trian den dífhostaíocht iomlán san Aontas.

3. **MEABHRAÍTEAR DI** go bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith ag paindéim COVID-19 ar líon agus ar chás na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.

4. **MEABHRAÍTEAR DI** go bhfógraítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (prionsabal 4) go bhfuil sé de cheart ag daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach measúnú aonair cuimsitheach a dhéanamh tar éis 18 mí den dífhostaíocht ar a dhéanaí.

5. **MEABHRAÍTEAR DI** gurb é caillteanas ioncaim an toradh a bhíonn ar chás na ndaoine a bhíonn gan post foirmiúil ar feadh tréimhse fhada agus, dá bhrí sin, go gcuirtear leis an mbaol bochtaineachta**,** eisiaimh shóisialta agus fadhbanna sláinte. Laghdaíonn dífhostaíocht fhadtéarmach acmhainneacht fáis gheilleagair an Aontais agus cuireann sí leis na costais a bhíonn ar sheirbhísí sóisialta agus ar airgeadas poiblí.

6. **ADMHAÍONN SÍ** go bhféadfadh níos mó deacrachtaí a bheith ag daoine a fhanann as fostaíocht ar feadh tréimhsí fada i ndáil le hobair a fháil mar gheall, *inter alia*, ar chreimeadh scileanna agus mar gheall ar spreagadh agus muinín a chailliúint. Ina theannta sin, d'fhéadfadh drogall níos mó a bheith ar fhostóirí duine nach bhfuil ag obair ar feadh i bhfad a fhostú.

---

[1] EUROSTAT - *Long-term unemployment by sex (1992-2020) - quarterly data* [Dífhostaíocht fhadtéarmach de réir inscne (1992-2020) – sonraí ráithiúla]

7. **MEABHRAÍTEAR DI**, i bhfianaise staideanna éagsúla agus riachtanais éagsúla na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, go bhféadfar cabhrú le haghaidh a thabhairt ar bhacainní sóisialta agus gairmiúla araon trí chur chuige indibhidiúlaithe; agus **CUIREANN SÍ I dTREIS** a thábhachtaí atá sé measúnuithe tráthúla aonair a chur ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, trí sheirbhísí fostaíochta in éineacht le comhpháirtithe eile a thacaíonn le comhtháthú i margadh an tsaothair, mar a mholtar sa Mholadh maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair a ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh an 15 Feabhra 2016[2].

8. **AITHNÍONN SÍ** an ranníocaíocht a rinne Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), mar phríomhionstraim chistiúcháin an Aontais chun tacú le bearta gníomhacha mhargadh saothair na mBallstát, agus beagnach EUR 11.4 billiún á leithdháileadh ar an tosaíocht infheistíochta: 'Rochtain ar fhostaíocht do chuardaitheoirí poist agus do dhaoine neamhghníomhacha, lena n-áirítear daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus daoine atá i bhfad ó mhargadh an tsaothair, trí thionscnaimh áitiúla fostaíochta agus trí thacaíocht do shoghluaisteacht lucht saothair freisin' (aistriúchán neamhoifigiúil).

9. **MEABHRAÍTEAR DI** go gcuidíonn tacaíocht CSE do thosaíochtaí infheistíochta eile, amhail 'cuimsiú gníomhach, lena n-áirítear d'fhonn comhdheiseanna agus rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn, agus infhostaitheacht a fheabhsú', leis an dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac ós rud é go bhféadfadh sé go mbeadh ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach aghaidh a thabhairt ar an iliomad bacainní (amhail fadhbanna soghluaisteachta, rochtain neamhleor ar chúram leanaí, freagrachtaí cúraim, eisiamh sóisialta agus fadhbanna sláinte) sula bhfilleann siad ar mhargadh an tsaothair.

10. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an táscaire aschuir coiteann lena gcumhdaítear daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach sa Rialachán maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)[3].

---

[2] 14361/15.
[3] IO L 231, 30.6.2021, lgh. 21-59

**TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí deiridh a leagtar amach sa Tuarascáil Speisialta, faoinar cheart don Choimisiún, i dtuairim Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

11. A éileamh go ndíreoidh na Ballstáit don chlárthréimhse ó 2021 go 2027 go sonrach ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus ar a riachtanais trí bhíthin CSE+ i gcás ina bhfuil an dífhostaíocht fhadtéarmach náisiúnta nó réigiúnach ard;

12. A éileamh go gcuirfidh na Ballstáit cur chuige indibhidiúlaithe i bhfeidhm maidir le gach duine atá dífhostaithe go fadtéarmach nuair atá bearta 'rochtain ar fhostaíocht' á gcur chun feidhme faoi CSE+ nua, trí phróifíl na gcuardaitheoirí poist a chur san áireamh agus trí mheasúnú a dhéanamh ar a gcuid riachtanas;

13. Meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht oibríochtaí 'rochtain ar fhostaíocht' do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach mar chuid den mheastóireacht *ex-post* don tréimhse ó 2014 go 2020 agus an mheastóireacht mheántéarma don tréimhse ó 2021 go 2027.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, i gcomhar leis na BALLSTÁIT, i bhfianaise na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta agus ag féachaint go háirithe do na himthosca náisiúnta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

14. Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun straitéis chomhordaithe maidir le fostaíocht a chur chun feidhme a thuilleadh, trí lucht saothair atá oilte solúbtha a chur chun cinn chomh maith le beartais agus uirlisí chun tacú le rochtain ar fhostaíocht do chuardaitheoirí poist fadtéarmacha, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair.

15. Iarrachtaí a threisiú chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh, trí chreataí iomchuí agus trí staidéir thiomnaithe, ar éifeachtacht na n-oibríochtaí uile a fhaigheann tacaíocht faoi chuspóirí CSE+ a bhaineann le cuimsiú gníomhach a chur chun cinn, lena n-áirítear dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac. Úsáid a bhaint as na sonraí a bhailítear, imdhealaithe de réir inscne, chun feabhas a chur ar na bearta agus ar na huirlisí lena ndírítear ar an dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac agus aird ar leith á tabhairt ar na dálaí éagsúla a bhíonn ag mná agus ag fir.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, le tacaíocht ón gCOIMISIÚN, i bhfianaise na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta agus ag féachaint go háirithe do na himthosca náisiúnta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

16. Cur chuige indibhidiúlaithe a ghlacadh agus bearta gníomhachtúcháin á gcur chun feidhme do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus measúnuithe agus treoir dhomhain aonair a thairiscint do chuardaitheoirí poist agus na hacmhainní ar fad atá ar fáil á n-úsáid acu, lena n-áirítear scéimeanna uas-scilithe agus athscilithe, chun cuidiú le bacainní sóisialta agus síceolaíocha a bhaint, go háirithe trí sheirbhísí fostaíochta poiblí, seirbhísí sóisialta agus seirbhísí sláinte na mBallstát, agus le rannpháirtíocht ó chomhpháirtithe sóisialta, mar a mholtar sa Mholadh ón gComhairle maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair.

17. Cur chun feidhme na scéimeanna agus na dtionscadal lena ndírítear ar chuimsiú gníomhach a chur chun cinn a spreagadh, lena n-áirítear do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus tús áite a thabhairt, a mhéid is féidir, don taithí i gcomhthéacsanna a bhaineann leis an obair, i gcomhréir le cuspóirí, tosaíochtaí agus dírithe téamacha ábhartha CSE+.